Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board

Clár Tacaíochta Oideachais Pobail

TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH SCÉIM DEONTAS OIDEACHAiS POBAIL

Oideachas Pobail á chur chun cinn go hÁitiúil ar chostas Íseal

Léigh na treoirlínte go cúramach, le do thoil, sula líonfaidh tú an fhoirm iarratais seo.

SAINMHINIÚ AR OIDEACHAS POBAIL

*"Oideachas agus foghlaim atá fréamhaithe i bpróiseas a ghabhann le cumasú, ceartas sóisialta, athrú, dúshlán, meas agus comhfhiosacht chomhchoiteann atá i gceist le hOideachas Pobail. Is leis an bpobal é agus baineann sé leis an bpobal, agus léiríonn sé na riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn agus a bhaineann le daoine agus lena n-áiteanna. Cuireann sé le cumas na bpobal áitiúil dul i mbun oibre chun freagraí a fháil ar an mhíbhuntáiste oideachais agus bonneagair agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht agus i mbeartais a leagan amach sa phobal. Ní ionann é agus an gnáthoideachas a sholáthraítear d'aosaigh de thairbhe an éitis atá leis agus na modheolaíochtaí a úsáidtear."**

* leagan Gaeilge den sliocht as lch 18 Community Education 2004, Aontas, 2004

CLÁR TACAÍOCHTA BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA DHÚN NA NGALL DON OIDEACHAS POBAIL

Is iad aidhmeanna an chláir:

- Tacú le soláthraithe oideachas pobail deiseanna oideachais a eagrú agus a chur ar fáil, ar chostas íseal agus go háitiúil, do ghrúpaí daoine nach gnách leo deiseanna den chineál sin a thapú
- Forbairt grúpaí oideachas pobail agus gníomhaíochtaí nua i nDún na nGall a chur chun cinn agus tacú leo
- Tacú le hearnáil an oideachais phobail trí dheiseanna oiliúna agus comhroinnt faisnéise a chur ar fáil
- Sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ar ghníomhaíocht oideachas pobail i nDún na nGall a bhailiú

AN CUSPÓIR ATÁ LEIS AN SCÉIM DEONTAS DON OIDEACHAS POBAIL:

Tionscnaimh oideachas pobail a chur chun cinn agus tacú leo go háitiúil i measc na bpobal an cuspóir atá leis an scéim deontas don oideachas pobail. Tá sé d'aidhm aici deiseanna a chruthú do dhaoine le go n-aithneodh siad a riachtanais foghlama agus go ndéanfadh siad an fhoghlaim ina bpobail féin agus go gcoinneodh siad orthu leis an bhfoghlaim.

AIDHM:

Aosaigh ar bheagán cáilíochtaí / gan cháilíochtaí a spreagadh le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oideachais, le go mbeadh níos mó muiníne acu mar dhaoine aonair agus le cuidiú le forbairt an phobail sin acu

SPRIOCGHRÚPAÍ:

- Grúpaí ban agus grúpaí fear bunaithe sa phobal
- Lucht Siúil
- Daoine faoi mhíchumas
- Grúpaí mionlach eitneach
- Grúpaí ealaíona pobail
- Daoine breacaosta
- Grúpaí aontuismitheoirí
- Grúpaí daoine leispiacha, homaighnéasacha, déghnéasacha agus trasinscneacha

MAOINIÚ:

- Féadfaidh grúpaí pobail atá níos mó (i.ngrúpaí a bhfuil sé ar intinn acu líon áirithe cúrsaí a chur ar fáil) iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú tacaíochta faoi dhó sa bhliain. Féadfaidh grúpaí eile iarratas a dhéanamh de réir mar a bheidh sin riachtanach.
- Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais nach mbeidh líonta go hiomlán.
- D'fhéadfaí maoiniú a chur ar fáil do shraith ranganna, ceardlann agus araile
- Tabhair faoi deara le do thoil nach gnách le maoiniú tacaíochta ach cuid den chostas iomlán a bhaineann leis an ghníomhaíocht a chlúdach, .i., beifear ag súil le ranníocaíocht i leith chostas an chúrsa ó na rannpháirtithe
- **<u>Eolas maidir le Foghlaimeoirí.</u>**
  I ndiaidh an chéad rang den chúrsa, agus chun 75% den mhaoiniú ceadaithe a tharraingt anuas, caithfear an Iarrthóir eolas maidir le gach duine ar an chúrsa a thabhairt don ETB. Caithfear gach duine ar an cúrsa Foirm Sonraí an Fhoghlaimeoir a chomhlíonadh agus a shíniú. Caithfear and Iarrthóir na sonraí sin a chur ar ais chuig an ETB ar *CSV File*. Beidh an *CSV File* ag dul amach leis an litir thairisceana.

  Tá an eolas seo riachtanach agus ní bheidh duine are bith in ann cláru ar cúrsaí maoinithe ag an ETB gan an eolas sin a thabhairt duit.
- Má éiríonn leis an iarratas ar mhaoiniú scaoilfear 75% den leithdháileadh iomlán amach chuig an ghrúpa. Scaoilfear leis an 25% deiridh nuair a gheofar na cáipéisí go léir a d'iarr Bord Oideachais Dhún na nGall Dhún na nGall sa chéad litir uaithi faoi fhaomhadh a bheith faighte don mhaoiniú. Is gnách gur taifead tinrimh agus bileog achoimre ar an chúrsa iomlán– Tag A9 agus í sínithe, a bhíonn i gceist leo.
- Má theipeann orthu an rialachán seo a chomhlíonadh taobh istigh de thrí mhí beidh de thoradh air sin go bhforghéillfidh an grúpa an íocaíocht deiridh de 25% den deontas agus go mbeadh bac ar an ngrúpa deontas i gcabhair a fháil amach anseo.

NITHE A B'FHÉADFADH GO MBEIFÍ I DTEIDEAL MAOINIÚ A FHÁIL INA LEITH:

- ✓ Táillí teagascóra (mar riail ghinearálta, is cóir 75% ar a laghad den deontas leithdháilte a chaitheamh ar tháillí teagascóra. Ní cóir go mbeadh an t-uasmhéid a bheadh á éileamh as an deontas ar uaireanta teagaisc níos mó ná an ráta reatha teagaisc atá ag an Bord Oideachais agus Oiliúna, (€40 san uair))
- ✓ Ábhair a bheadh riachtanach do rang nó do ghníomhaíocht áirithe
- ✓ Ranníocaíocht i leith costais riaracháin (i gcás nach bhfuil costais riaracháin á n-íoc cheana féin)
- ✓ Cíos ar an ionad
- ✓ Poiblíocht
- ✓ Obair réamhfhorbartha / obair chumasaithe le grúpaí
- ✓ Costas tae/caife, sólaistí

<u>NÍL</u> MAOINIIÚ AR FÁIL I GCOMHAIR NA NITHE SEO A LEANAS:

- **X** Clubanna /Grúpaí Óige, Clubanna Spóirt
- **X** Sócmhainní Ionad Pobail nó ábhair mar ríomhairí, cócaireáin, táblaí, nó nithe eile
- **X** Turais Lae, Lóin nó Dinnéir
- **X** Maoiniú an athuair do ghrúpaí i leith na ngníomhaíochtaí céanna; ní mór do ghrúpaí den sórt bealaí le dul chun cinn a dhéanamh a aithint do rannpháirtithe agus daoine eile a spreagadh le leas a bhaint as na deiseanna atá ar fáil cheana sa phobal
- **X** Ní ghlactar le maoiniú a chur ar fáil do dhaoine aonair ionas go rachaidís i mbun oiliúna ar son grúpa (.i. más é an teagascóir atá á mholadh don chúrsa an duine céanna atá ag déanamh an iarratais)
- **X** Íocaíocht do dhaoine aonair sa ghrúpa a thógfaidh orthu féin cúrsaí oiliúna a dhéanamh ar mhaithe leo féin

BOLSCAIREACHT AGUS ADMHÁIL

Admhóidh an grúpa go poiblí i ngach ábhar bolscaireachta agus fógraíochta an tacaíocht a fuair siad faoi Chlár Tacaíochta Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall don Oideachas Pobail.

POINTÍ EILE LE TABHAIRT FAOI DEARA:

- Ní dea-chleachtas é na teagascóirí atá á moladh a bheith ina mbaill de choiste an ghrúpa a bheadh ag déanamh iarratais
- Nuair a bheidh iarratais a tháinig ó ghrúpaí bunaithe á meas, tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil a n-aidhmeanna ag teacht leis an aidhm atá ag an scéim deontas don oideachas pobail, agus a thaispeánann nuálaíocht sa rogha de chúrsaí a bheidh acu agus a mheallfaidh foghlaimeoirí nua.
- Forchoimeádann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an ceart chuige féin bundoiciméadú tacaíochta maidir leis an ioncam agus leis an gcaiteachas a bhaineann leis an gcúrsa a iarraidh, mar shampla, sonraisc, admhálacha
- Admhóidh an grúpa go poiblí i ngach ábhar bolscaireachta agus fógraíochta an tacaíocht a fuair siad faoi Chlár Tacaíochta Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall don Oideachas Pobail.
- Ní mór do gach grúpa a fuair maoiniú páirt a ghlacadh i bpróiseas measúnaithe. Cuirfear mionsonraí an mheasúnaithe ar fáil do na grúpaí a n-éireoidh leo maoiniú a fháil faoin scéim seo.

RÁITEAS MAIDIR LE CÁIN

Níl ghlacann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall aon fhreagracht maidir le cúrsaí cánach comhlachtaí deonacha a fhaigheann deontas i gcabhair. Tá freagracht ar chuile eagraiocht as a gcursaí cánach féin
Is féidir eolas a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an oifig cánach ag www.revenue.ie.

ÁRACHAS

Is féidir le grúpaí a chláraíonn leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a bheith in ann leas a bhaint as clúdach árachais iomaíoch a fháil i gcomhair a gcuid gníomhaíochtaí. Má tá a thuilleadh eolais de dhíth téigh i dteagmháil le do thoil le Mary Clyde ag mary.clyde@donegalcoco.ie, 074 9153900
nó www.donegalcoco.ie/ie/pobal/agtaculepobail/lionrarannphairtiochtapobaildhunnangall/.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Martina Needham
Oifigeach Oideachais Aosaigh Teil: 074 9721705 Ríomhphost : martinaneedham@donegaletb.ie

Catherine Friel
Áisitheoir Oideachais Pobail Teil: 087 1853050 Ríomhphost: catherinefriel@donegaletb.ie

Sinéad Campbell
Áisitheoir Oideachais Pobail Teil: 087 3573954 Ríomhphost: sineadcampbell311@donegaletb.ie

Trisha McGuinness
Riarthóir Teil: 074 9725520(22) Ríomhphost: trishamcguinness@donegaletb.ie

Miniú ar na ceisteanna atÁ ar an fhoirm iarratais:

Sonraí na hEagraíochta atá ag déanamh an Iarratais

1. **Ainm an ghrúpa pobail:** Ainm an ghrúpa atá ag déanamh an iarratais.
2. **Ainm an Teagmhálaí:** Ainm an duine is mó a bhfuil cur amach aige/aici ar an iarratas, más gá teagmháil a dhéanamh leis/léi.
3. **Seoladh:** Tabhair an seoladh ag a ndéanfar teagmháil leis an ghrúpa
4. **Uimh. Theileafóin:** Tabhair uimhir theileafóin an teagmhálaí le do thoil
5. **Uimh. Fón Póca:** Tabhair uimhir theileafón póca an teagmhálaí má tá a leithéid ar fáil
6. **Ríomhphost:** Tabhair seoladh ríomhphoist an teagmhálaí le do thoil
7. **Uimhir Cánach nó Carthanachta:** Féach ar an nóta ar leathanach 3 le do thoil
8. **Na hAidhmeanna agus na Cuspóirí atá ag do Ghrúpa:** Breac síos go soiléir anseo na haidhmeanna agus na cuspóirí atá ag do ghrúpa pobail féin
9. **Cén dóigh ar aithin tú an gá a bhí leis an chúrsa seo?** Cad é mar atá a fhios agat gurb é seo an cúrsa atá do ghrúpa ag iarraidh a dhéanamh? Cruinniú grúpa, ceistneoir, comhairliúchán pobail, cinneadh coiste agus araile.....
10. **Ar chinntigh tú go bhfuil do ghrúpa ag feidhmiú ó thaobh éiteas an chuimsithe shóisialta de agus go bhfuil sé d'aidhm acu cosc a chur ar idirdhealú i gcoinne grúpaí/daoine aonair a ainmníodh faoi na 9 bhforas a aithníodh faoin Acht um Stádas Comhionann 2000?**
    Luaigh Tá nó Níl
11. **An bhfuil maoiniú á fháil agat ó fhoinsí eile?** Ba choir ioncam ó fhoinsíeile I dtreo costais an chúrsa/an tionscadail a dhearbhú. Cuir tic le do thoil.
12. **Torthaí/tairbhí a mbeadh an pobal ag dréim leo as an tionscadal/as an chúrsa:** Cad atá tú ag dúil leis a bheidh bainte amach/athraithe/feabhsaithe sa phobal faoin am a bheidh an tionscadal seo críochnaithe? Cad iad na tairbhí a bheidh le fáil ag do phobalsa as an chúrsa seo a chríochnú

Project/Course Details (One course per page only)

Teideal an Cúrsa: Luaigh teideal an cúrsa/tionscadal.

Dáta Tosaithe an Cúrsa: Caithfear an iarratas seo a bheith faighte ag at ETB cúig seachtain roimh an dáta tosaithe.

Fad an cúrsa:: Sonraigh, le do thoil, cé mhéad seachtain agus cé mhéad uair sa tseachtain a mhairfidh an cúrsa.

Sonraí an cúrsa/tionscadail atá beartaithe: Tabhair mionsonraí an chúrsa agus na hábhair i gceist.

Spriocghrúpa(í): Luaigh an spriocghrúpa(í) i gceist. Féach ar leathanach 1.

An líon daoine a mheastar a ndéanfar freastal orthu? Freagair an cheist seo chomh cruinn agus is féidir leat. Tá sé tábhachtach cuntas a choinneáil ar an líon daoine a fhreastalaíonn ar na cúrsaí a bheidh agaibh agus beidh taifead tinrimh á lorg.

Ainm an Teagascóra: : Líon isteach an t-ainm má tá sin ar eolas agat nuair atá tú ag déanamh an iarratais; ní gá go mbeadh teagascóir aimsithe ag an phointe seo. Tabhair ainm an fhorais cháiliúcháin agus an leibhéal fosta, le do thoil.

Costas an Tionscadail/Cúrsa

Miondealú ar Chostas an Tionscadail: Taispeáin sa mhír seo na costais go léir do gach aon cheann de na cúrsaí/gníomhaíochtaí, sonraigh na costais i gcatagóirí difriúla sna téarmaí seo a leanas – Costas an Teagascóra, Cíos ar an Ionad, sólaistí agus ábhair.

Iomlán an Chostais Mheasta: Suimigh na costais go léir atá thuas

An méid ioncaim ó fhoinse eile i leith chostas an tionscadail: Breac síos airgead ar bith eile a fuair do ghrúpa don tionscadal áirithe seo, i dtéarmaí deontas eile nó táillí iontrála nó síntiúis ó bhaill.

Ranníocaíocht na rannpháirtithe; Cá mhéad a íocfaidh gach scoláire i leith an chúrsa

Suim an deontais atá á lorg ó Chlár Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall don Oideachas Pobail